



## CLÁR PEACE I DTUAISCEART ÉIREANN

Is é an aidhm atá le clár PEACE AE ná tacú leis an tsíocháin agus le hathmhuintearas agus le dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann.

### AN BUNÚS DLÍ

Tugann Rialachán (AE) Uimh 1303/2013 an 17 Nollaig 2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 an 17 Nollaig 2013 an bunús dlí do cheathrú clár PEACE lena gcumhdaítear clárthréimhse 2014-2020.

### CÚLRA

Tá tacaíocht airgeadais ón Aontas á chur ar fáil don phróiseas síochána i dTuaisceart Éireann ó 1989, trí bheartas réigiúnach an Aontais agus trí ranníocaíochtaí AE leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn.

I ndiaidh na moltaí ó Thascfhórsa Speisialta an Choimisiúin, formheasadh clár PEACE I (1995-1999) an 28 Iúil 1995. I Márta 1999, chinn an Chomhairle Eorpach gur cheart go leanfaí leis an gclár speisialta go dtí 2004 faoin ainm PEACE II. Cuireadh síneadh leis an gclár ina dhiaidh sin go dtí 2006. Bhí cuid de thosaíochtaí na gclár roimhe sin ina dtosaíochtaí in PEACE III, a chumhdaigh clárthréimhse 2007-2013, agus tháinig deireadh leis na gníomhaíochtaí tionscadail uile an 31 Nollaig 2015. Cuireadh fógra faoi dhúnadh an chláir faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2017.

Seoladh clár nua (PEACE IV, 2014-2020) go hoifigiúil an 14 Eanáir 2016, ina raibh béim láidir ar an infheistíocht dírithe ar leanaí agus daoine óga.

### CUSPÓIRÍ AGUS TOSAÍOCHTAÍ

Tá clár PEACE curtha chun feidhme mar chláir um chomhar trasteorann (i gcomhthéacs an Chomhair Chríochoigh Eorpaigh), idir Éire agus an Ríocht Aontaithe agus tá dhá phríomhaidhm aige:

- comhtháthú na bpobal a raibh baint acu leis an gcoibhneacht i dTuaisceart Éireann agus sna contaetha teorann in Éirinn;
- an chobhsaíocht shóisialta agus eacnamaíoch.

Sa chláir, dírithe ar na fadhbanna sonracha a tháinig as an gcoibhneacht agus é mar aidhm aige sochaí shíochánta agus chobhsaí a chruthú. Chun na críche sin, cuireann



an clár le dhá phríomhthosaíocht (athmhuintearas a dhéanamh idir na pobail agus cur leis an tsíocháin) agus le ceithre phríomhchuspóir do chlárthréimhse 2014-2020:

- an t-oideachas comhroinnte;
- cabhrú le leanaí agus le daoine óga;
- spásanna comhroinnte agus seirbhísí a chruthú;
- caidreamh dearfach a chothú ar an leibhéal áitiúil.

## **MAOINIÚ**

Bhí trí chlár PEACE ann idir 1995 agus 2013, a raibh ranníocaíocht airgeadais de EUR 1.3 billiún ag gabháil leo. Cé go bhfuair PEACE I (1995-1999) agus PEACE II (2000-2006) cistiú ó na Cistí Struchtúracha uile, rinneadh PEACE III (2007-2013) a mhaoiniú go hiomlán as an gCiste Eorpach um Fhorbairt Réigiúnach (CFRE).

Is fiú EUR 270 milliún san iomlán clár PEACE IV do chlárthréimhse 2014-2020. Is ionann ranníocaíocht CFRE leis an gclár agus thart ar EUR 229 milliún (85%) agus tiocfaidh thart ar EUR 40 milliún (15%) as cistiú meaitseála (i.e. foinsí nach as AE iad a bhféadfadh cistiú náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a bheith san áireamh leo). Tacóidh 94% d'acmhainní chlár PEACE IV le comhtháthú sóisialta, leis an mbochtaineacht a chomhrac agus le gluaiseacht saothair (leithdháilfear na hacmhainní eile ar chúnamh teicniúil).

## **INCHÁILITHEACTH AGUS BAINISTIÚ**

Tá Tuaisceart Éireann agus Réigiún Teorann na hÉireann (áirítear Lú, Muineachán, an Cabhán, Liatroim, Sligeach agus Dún na nGall leis an réigiún sin) faoin limistéar atá incháilithe le háireamh i gceathrú clár PEACE.

Tá bainistiú agus seachadadh foriomlán an chlár faoi chúram Chomhlacht na gClár Speisialta de chuid AE agus tá an cistiú á riar ag comhpháirtíochtaí áitiúla agus eagraíochtaí neamhríaltasacha.

Thairis sin, bhunaigh an Coimisiún Tascfhórsa Thuaisceart Éireann (NITF) in 2007, a fheidhmíonn faoi údarás an Choimisinéara um Beartas Réigiúnach agus i ndlúthchomhar le húdarás Thuaisceart Éireann. Tá sé mar aidhm ag NITF an t-iomaíochas a fheabhsú agus fostaíocht inbhuanaithe a chruthú, agus clúdaíonn sé go leor réimsí beartais, amhail an talmhaíocht, beartas iomaíochais, oideachas agus cultúr, fuinneamh etc. Tá sé mar aidhm ag gníomhaíochtaí NITF cur le rath foriomlán na dtionscadal faoi chlár PEACE.

## **A BHFUIL BAINTE AMACH**

Le clár PEACE, tá deiseanna curtha ar fáil maidir le rannpháirtíocht agus idirphlé, agus tá an chinnteoireacht agus an fhreagracht as forbairt pobail tugtha níos cóngaraí don phobal (i.e. cuireadh cur chuige ón mbun aníos i bhfeidhm). Tá sé tar éis réimse leathan tionscadal a mhaoiniú, lena n-áirítear tionscadail chun tacú le híospartaigh agus le daoine a tháinig slán ón gcoinbhleacht agus le daoine óga, le FBManna, le tionscadail maidir le hathghiniúint uirbeach agus le bonneagar, chomh maith le



tionscadail a thacaíonn le hinimircigh agus le héagsúlacht eitneach na sochaí ina hiomláine a cheiliúradh.

Tá sé tábhachtach a rá go bhféachtar ar an gclár seo mar eiseamláir de bheartas chun síocháin a chothú anois ar cheart é a úsáid ar fud na hEorpa agus i réigiúin eile.

## TODHCHAÍ CHLÁR PEACE

I reifreann arna réachtáil an 23 Meitheamh 2016, vótáil tromlach vótóirí na Ríochta Aontaithe (51.9%) i bhfabhar an tAontas Eorpach a fhágáil. I ndiaidh Brexit, athróidh stádas na Ríochta Aontaithe, a mbeidh tionchar aige freisin ar bheartais AE, lena n-áirítear an beartas comhtháthaithe agus clár PEACE.

Tairbhíonn Tuaisceart Éireann go mór de mhaoiniú AE agus tá ábhar imní ann faoin tionchar a bheidh ag aistarraingt na Ríochta Aontaithe ar réimse earnálacha i dTuaisceart Éireann san fhadtárma agus ar an bpróiseas síochána agus an comhar trasteorann ó 2020 ar aghaidh. (Is é Tuaisceart Éireann an t-aon réigiún den Ríocht Aontaithe a bhfuil teorann talún aige le Ballstát eile: i dtéarmaí praiticiúla, beidh teorainn sheachtrach AE ar oileán na hÉireann i ndiaidh Brexit.)

Ina thograí maidir le rialacháin comhtháthaithe tar éis 2020, tá an Coimisiún tar éis an smaoineamh a chur ar aghaidh go leanfar le clár PEACE ('PEACE PLUS'). Tá sé beartaithe, i bhfianaise shainiúlachtaí an chláir, gur cheart é a bhainistiú ar mhodh comhtháite agus go ndéanfaí ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe a chomhtháthú sa chlár mar ioncam sannta seachtrach. Thairis sin, maidir le Comhlacht na gClár Speisialta AE, nuair a aithnítear é mar an údarás bainistíochta, meastar gur i mBallstát atá sé lonnaithe. Tagann na tograí faoin ngnáthnós imeachta reachtach agus rinne an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh a ghlacadh i Márta 2019.

An 25 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/491 chun go bhféadfaí leanúint de na cláir um chomhar críochach a thagann faoi PEACE IV. Beidh feidhm ag an Rialachán sin sa chás go dtarraingeoidh an Ríocht Aontaithe siar ón AE gan aon chomhaontú um tarraingt siar a bheith ann. Fágfaidh an Rialachán sin go bhféadfar leanúint go héifeachtach leis na cláir faoi PEACE IV sa chreat dlí nua.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Thacaigh an Pharlaimint i gcónaí le ranníocaíochtaí airgeadais AE le clár PEACE agus le clár Chiste Idirnáisiúnta na hÉireann. Ina rún reachtach an 15 Meitheamh 2010 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ranníocaíochtaí airgeadais leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn (2007-2010)<sup>[1]</sup>, chuir an Pharlaimint in iúl gur cheart go mbeadh Ciste Idirnáisiúnta na hÉireann ina chomhlánú ar ghníomhaíochtaí a chistítear faoi na Cistí Struchtúracha, agus go háirithe na gníomhaíochtaí sin a bhaineann le Clár PEACE III atá i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún Teorann na hÉireann. Tá an Pharlaimint ag iarraidh ar an gCoimisiún go foirmiúil an comhordú sin a áirithiú.

[1] IO C 236 E, 12.8.2011, lch. 173.



Ina ról mar chomhreachtóir maidir leis an bpacáiste comhtháthaithe (sa chomhthéacs seo, maidir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus an Rialachán maidir le forálacha sonracha le haghaidh tacaíocht ó Chiste na hEorpa um Fhorbairt Réigiúnach do sprioc chomhar críochach na hEorpa), tá an Pharlaimint go mór ina fhabhar go leanfar le clár PEACE sa tréimhse 2014-2020. Ina theannta sin, ina rún an 13 Samhain 2014, leag an Pharlaimint béim ar thábhacht chlár PEACE maidir le dul chun cinn, comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta agus athmhuintearas a fhorbairt idir pobail.

Léirigh Parlaimint na hEorpa, ina rún an 5 Aibreán 2017, i ndiaidh thorthaí an reifrinn sa Ríocht Aontaithe, gur chúis imní di na hiarmhairtí a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ó AE agus leag sí béim ar an ngá a bhí ann an tsíocháin a chosaint i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.

Ina rún an 11 Meán Fómhair 2018 maidir le tionchar bheartas comhtháthaithe AE i ndáil le Tuaisceart Éireann, thug Parlaimint na hEorpa dá haire moladh an Choimisiúin go leanfaí le cláir PEACE agus Interreg, chomh maith le páipéar seasaimh na Ríochta Aontaithe i ndáil le todhchaí an bheartais comhtháthaithe (Aibreán 2018), ina luann an Ríocht Aontaithe go bhfuil sí toilteanach clár a cheapadh a thiocfaidh i gcomharbacht ar Chlár PEACE IV i gcomhar le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, Rialtas na hÉireann agus AE, i dteannta lena rannpháirtíocht a threisiú maidir le gealltanais a urramú i ndáil le PEACE agus Interreg faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha (CAI). Measann Parlaimint na hEorpa, 'gan dochar do chaibidlíocht leanúnach AE-RA, gur cheart go leanfaí de thacaíocht AE a thabhairt le haghaidh comhar críochach, go háirithe maidir le tionscadail trasteorann agus trasphobail, i bhfianaise a bhfuil bainte amach ag cláir comhtháthaithe AE speisialta do Thuaisceart Éireann, eadhon clár PEACE agus clár Interreg, a bhfuil tábhacht ar leith leo maidir le cobhsaíocht an réigiúin'.

Diána Haase / Marek Kołodziejcki  
04/2019

